# AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH

## Beartas maidir le Tuairisciú ar Nochtadh Cosanta san Ionad Oibre

An Coimisiún um Achomhairc Chánach
Tax Appeals Commission

## Clár ábhair

Stair an doiciméid ....... 2

Réamhrá ....... 3

Príomhphrionsabail atá taobh thiar den bhearta ....... 3

Cé leis a mbaineann an Beartas seo? ....... 3

Cén cineál nochta nach bhfuil clúdaithe ag an mBeartas? ....... 3

Cén cineál nochta atá clúdaithe ag an mbeartas? ....... 3

Cosaintí i gcoinne pionósaithe ....... 4

Conas ábhar imní a ardú nó nochtadh a dhéanamh don Choimisiún achomhairc Chánach ....... 4

Tuairisciú agus Taifid ....... 5

Conas a dhéileálfaidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach le do nochtadh ....... 5

Conas ábhar imní a ardú nó nochtadh a dhéanamh lasmuigh den Choimisiún um Achomhairc Chánach 6

Nochtadh don Aire ....... 6

Disclosure to other persons ....... 6

Rúndacht ....... 7

Coinneáil Taifead ....... 7

Athbhreithniú ar Bheartas ....... 7

Aguisín A: Treoir do Bhainisteoirí agus don Ghrúpa um Nochtuithe Cosanta chun déileáil le nochtuithe..8

## Stair an Doiciméid

| Uimhir leagan | Dáta athbhreithnithe | Achoimre ar Athruithe | Ceadaithe ag |
|---|---|---|---|
| 1 | 23 Iúil 2020 | Ceadaithe ag Oifigeach Cuntasaíochta | MCM |
| 2 | 18 Iúil 2022 | Athbhreithnithe agus Formáidiú Nuashonraithe | MOK |

## Réamhrá

Soláthraíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ("an tAcht") cosaintí d'oibrithe a chuireann imní dhlisteanach in iúl maidir le héagóir iarbhír nó fhéideartha san ionad oibre.

Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach tiomanta do dhul i ngleic le gach ábhar imní dlisteanach a bhaineann le héagóir san ionad oibre mar a thuairiscítear san Acht agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil do bhaill foirne a chuireann fíor-imní in iúl.

Faoin bpolasaí seo tá oibrí i dteideal imní a chur in iúl nó faisnéis a nochtadh gan eagla go ngearrfaí pionós orthu ná bagairt ar idirdhealú nó míbhuntáiste nó go gcaithfí níos measa leo. Cibé acu a chosnaítear nochtadh nó nach gcosnaítear, braithfidh sé ar an mbealach ina ndéantar an nochtadh. Foráiltear leis an Acht do chóras nochta "céimnithe" ina bhfuil roinnt bealaí ar leith (inmheánach, rialála agus seachtrach) ar fáil.

## Príomhphrionsabail atá taobh thiar den bheartas

Oibrí a bhfuil tuairim réasúnta aige nó aici go léiríonn an fhaisnéis atá ina nochtadh, nó go mbíonn claonadh aici a léiriú, gur tharla éagóir atá clúdaithe ag an bpolasaí, go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sí, cosnófar iad in aghaidh pionósaithe. D'fhéadfadh teagmhais phionósaithe i gcoinne duine a thugann tuairisc faoin bpolasaí seo a bheith faoi réir caingne faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse.

## Cé leis a mbaineann an Polasaí seo?

Baineann an polasaí seo le gach oibrí ag gach leibhéal sa Choimisiún um Achomhairc Chánach. D'fhéadfaí a mheas freisin gur oibrithe iad conraitheoirí, comhairleoirí, foireann ghníomhaireachta agus intéirnigh chun críocha an Achta agus an pholasaí seo.

## Cén cineál nochta nach gclúdaitear ag an bPolasaí?

Is í aidhm an pholasaí seo oibrithe a spreagadh agus a chumasú chun imní a chur in iúl nó faisnéis a nochtadh san ionad oibre, ionas gur féidir aghaidh a thabhairt uirthi. Ní chlúdaíonn sé gearáin san ionad oibre ná casaoidí pearsanta. Tá nósanna imeachta chun déileáil le fadhbanna casaoide ar fáil ag https://hr.per.gov.ie/supports/grievance/

Is fiú a rá chun gach duine a chosaint, nach gclúdaíonn an polasaí seo nochtadh ina gcuireann an t-oibrí eolas bréagach, míthreorach, fánach nó cráiteach in iúl go mailíseach. Má tharlaíonn sé níos déanaí go ndearna oibrí nochtadh, agus a fhios aige go raibh sé bréagach nó gan a chreidiúint go raibh sé fíor, féadfaidh an Coimisiún Um Achomhairc Chánach gníomh araíonachta a dhéanamh de réir an nós imeachta araíonachta is infheidhme nó i gcás conraitheoirí nó comhairleoirí féadfaidh sé an t-iompar sin a thuairisciú don chomhlacht nó do na húdaráis rannpháirteacha cuí.

## Cén cineál nochta a chlúdaítear ag an bpolasaí?

Tugtar cosaint do nochtadh faisnéise (tríd an gcainéal cuí), a tháinig ar d'aird le linn do chuid oibre, sa chreideamh réasúnta gur tharla go dtarlaíonn nó gur dócha go dtarlóidh ceann amháin nó níos mó de na cineálacha "éagóracha ábhartha" seo a leanas,:

- Cion coiriúil
- Loiceadh oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh
- Iomrall ceartais
- Sláinte nó sábháilteacht an duine aonair a bheith á cur i mbaol
- Damáiste don timpeallacht
- Úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar shlí eile as cistí nó acmhainní comhlacht poiblí nó as airgead poiblí eile
- Gníomh nó neamhghníomh ag comhlacht poiblí nó thar a cheann atá leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch nó arb ionann é agus mór-mhíbhainistíocht
- Fianaise a bhaineann leis an méid thuas a cheilt nó a scriosadh.

## Cosaintí i gcoinne pionósaithe

Ní ghearrfaidh an eagraíocht seo pionós ar oibrí a dhéanann nochtadh agus a bhfuil creideamh réasúnta aige faoin éagóir ábhartha, fiú má tharlaíonn sé nach bhfuil aon bhunús leis an imní nó leis an nochtadh.

Áirítear le pionósú fionraí/dífhostú, gníomh araíonachta, ísliú céime, idirdhealú, bagairtí nó cóir neamhfhabhrach eile a eascraíonn as an nochtadh ar bhonn creideamh réasúnta as sin a dhéanamh. Má chreideann tú go bhfuil pionós á ghearradh ort mar thoradh ar nochtadh a dhéanamh faoin bpolasaí seo, ba chóir duit do bhainisteoir nó do bhainisteoir sinsearach a chur ar an eolas láithreach.

Déanfar gníomh araíonachta ar oibrithe a ghearrann pionós nó díoltas orthu siúd a bhfuil imní léirithe acu faoin bpolasaí seo.

Níltear ag súil go gcruthóidh oibrithe a dhéanann nochtadh gur fíor í an líomhain. Mar sin féin, ní mór dóibh creideamh réasúnta a bheith acu go bhfuil forais lena n-imní.

Ní chlúdaíonn an polasaí nochtadh ina gcuireann an t-oibrí eolas bréagach, míthreorach, fánach nó cráiteach in iúl go mailíseach. Má tharlaíonn sé go ndéanann oibrí nochtadh, arb eol dóibh é a bheith bréagach nó nach gcreideann siad a bheith fíor, féadfaidh an Coimisiún Um Achomhairc Chánach gníomh araíonachta nó gníomh cuí eile a dhéanamh.

## Conas ábhar imní a chur in iúl nó nochtadh a dhéanamh don Choimisiún Achomhairc

## Chánach

B'fhéidir gur mhaith le hoibrithe a n-imní a phlé lena mbainisteoir nó lena maoirseoir líne láithreach ar an gcéad ásc. Má bhraitheann oibrí, áfach, nach bhfuil sé sin oiriúnach, mar shampla i bhfianaise a thromchúisí nó a íogaireachta is atá na saincheisteanna atá i gceist, ba cheart dóibh dul go díreach chuig an Oifigeach AD, bainisteoir sinsearach nó Ceann na Seirbhísí Corparáideacha.

De rogha air sin, féadfaidh oibrithe imní a chur in iúl don Choimisiún Achomhairc Chánach tríd an nGrúpa um Nochtuithe Cosanta. Cuimsíonn an Grúpa seo an Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Ceann na Seirbhísí Corparáideacha. Is féidir an nochtadh a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist protecteddisclosuresgroup@taxappeals.ie nó go hanaithnid trí scríobh chuig duine de bhaill an Ghrúpa a chuirfidh ar a shúile do bhall eile an Ghrúpa é. Má tá imní ar an oibrí go mbaineann an nochtadh le duine den Ghrúpa um Nochtadh Cosanta, ba cheart dóibh imní a chur in iúl do Choimisinéirí an Choimisiúin Achomhairc Chánach.

## Tuairisciú agus Taifid

D'fhéadfaí imní a chur in iúl ó bhéal nó i scríbhinn. Má chuireann oibrí imní in iúl ó bhéal, coinneoidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach taifead scríofa den chomhrá agus tabharfaidh sé cóip den taifead sin duit. Ba é ab fhearr go ndéanfaí nochtadh i scríbhinn agus ba chóir an oiread eolas fíorasach agus is féidir a thabhairt. Fiú má ardaíonn tú ceist ó bhéal b'fhéidir go n-iarrfaí ort na sonraí a chur i scríbhinn níos déanaí.

Moltar d'oibrithe a n-ainm a chur ar nochtadh, le dearbhú rúndachta an Choimisiúin um Achomhairc Chánach nuair is féidir, d'fhonn obair leantach chuí a éascú. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca dúinn an nochtadh a mheas agus gníomh cuí a dhéanamh lena n-áirítear imscrúdú más gá.

D'fhéadfaí imní a chur in iúl gan ainm a lua. Ar leibhéal praiticiúil, áfach, d'fhéadfadh sé nárbh fhéidir imscrúdú a dhéanamh ag brath ar nádúr an nochta gan ainm. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nach féidir an chosaint faoin Acht agus gnéithe eile den nós imeachta um nochtadh cosanta (m.sh. an nochtóir a choinneáil ar an eolas agus an nochtóir a chosaint ar phionósú) mura bhfágann an t-oibrí uaidh an anaithnideacht.

## Conas a dhéileálfaidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach le do nochtadh

A luaithe a bheidh imní curtha in iúl do dhuine ábhartha (bainisteoir líne, Oifigeach Acmhainní Daonna, Ceann Seirbhísí Corparáideacha, Príomhoifigeach Oibríochtaí, Coimisinéir), cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, buailfidh an duine ábhartha leat chun an t-ábhar a phlé ar bhonn iomlán rúnda. Is ag an bpointe seo a bheidh ar an duine ábhartha a shoiléiriú cé acu atá an t-ábhar imní oiriúnach don nós imeachta seo nó más ábhar é atá níos oiriúnaí do nós imeachta eile, mar shampla an nós imeachta Casaoide. Is féidir leat a roghnú cé acu is mian leat nó nach mian leat comhghleacaí nó Ionadaí an Aontais a bheith in éineacht leat.

Ag an bpointe seo, tar éis a shoiléiriú go bhfuil an t-ábhar oiriúnach don nós imeachta seo, déanfar measúnú tosaigh ar na fíricí chun scrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha is gá dúinn a dhéanamh chun déileáil leis an ábhar. D'fhéadfadh sé nach mbeadh i gceist leis sin ach ábhair áirithe a shoiléiriú, míthuiscintí a ghlanadh nó an t-ábhar a réiteach trí ghníomh comhaontaithe gan aon ghá le himscrúdú.

Más gá imscrúdú a dhéanamh, déanfar é go cothrom agus go hoibiachtúil. Braithfidh foirm agus scóip an imscrúdaithe ar ábhar an nochta. D'fhéadfadh sé go bhfuil an nochtadh chomh mór sin gur ghá é a tharchur láithreach chuig na húdaráis chuí nó go dteastaíonn gníomh láithreach éigin eile ónár dtaobhna.

Déanfaimid ár ndícheall tú a choinneáil ar an eolas faoi na céimeanna atá á nglacadh againn mar fhreagra ar do nochtadh agus déanfaimid iarracht tú a choinneáil ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe againn déileáil leis an ábhar agus le haon torthaí. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an gá le rúndacht agus breithnithe dlí cosc a chur ar an gCoimisiún um Achomhairc Chánach sonraí sonracha imscrúdaithe a thabhairt duit.

In Aguisín A iniata, tugtar treoir don duine ábhartha le déileáil le nochtadh lena n-áirítear measúnú ar an nochtadh, soláthar aiseolais agus tuairisciú ar thoradh/soláthar taifead don Cheann Seirbhísí Corparáideacha.

## Conas ábhar imní a chur in iúl nó nochtadh a dhéanamh lasmuigh den Choimisiún Achomhairc Chánach

Déanann an tAcht foráil freisin maidir le nochtadh cosanta ag oibrí do dhuine forordaithe i gcás ina gcreideann an t-oibrí le réasún go dtagann an éagóir ábhartha laistigh den chur síos ar na nithe a bhforordaítear an duine ina leith. Caithfidh an t-oibrí a chreidiúint go réasúnta freisin go bhfuil an t-eolas atá sa nochtadh agus aon líomhain atá ann "fíor den chuid is mó". Is tairseach níos airde é seo ná mar atá i gcás nochtadh inmheánach. Ainmníodh seachtó a dó rialtóir mar dhaoine forordaithe agus tá an liosta le fáil in *IR 339/2014, an tOrdú um Nochtadh Cosanta 2014 (Alt 7(2)) 2014.*

## Nochtadh don Aire

Is féidir le hoibrí atá fostaithe i gcomhlacht poiblí leas a bhaint as na cosaintí faoin Acht freisin má dhéanann sé nó sí nochtadh don Aire a bhfuil feidhm reachtúil aige nó aici maidir leis an gcomhlacht poiblí. Ciallaíonn sé sin i ndáil leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach gur féidir nochtadh a dhéanamh leis an Aire Airgeadais.

## Nochtadh do dhaoine eile

Féadfaidh oibrí tairbhe a bhaint fós as na cosaintí faoin Acht fiú má dhéantar nochtadh lasmuigh den Choimisiún um Achomhairc Chánach ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- Caithfidh creideamh réasúnta a bheith ag an oibrí i bhfírinne shubstaintiúil an eolais/na líomhna
- Ní ceadmhach an nochtadh a dhéanamh le haghaidh gnóthachan pearsanta

- Caithfidh sé a bheith réasúnta don oibrí an nochtadh a dhéanamh ag féachaint do
  - céannacht an nochta
  - tromchúis na héagóra ábhartha
  - cé acu atá an éagóir ábhartha ag tarlú anois nó ar dóigh go dtarlóidh sé amach anseo
  - cé acu a rinneadh nochtadh roimhe seo d'fhostóir an oibrí agus an toradh a rabhthas ag súil leis
  - cé acu a chomhlíon an t-oibrí nós imeachta an fhostóra chun an nochtadh roimhe seo a dhéanamh

Ní mór ceann de na réamhchoinníollacha seo a leanas a shásamh freisin:

- Ní mór creideamh réasúnta a bheith ag oibrí i bpionósú ag fostóir má úsáidtear bealach eile
- Creideamh réasúnta go scriosfar fianaise má úsáidtear bealach fostóra agus nach mbíonn aon "duine forordaithe" ann.
- Nochtadh an fhaisnéis chéanna tríd is tríd d'fhostóir roimhe seo, nó do dhuine nó d'aire forordaithe, nó
- Tá an éagóir ábhartha de chineál thar a bheith tromchúiseach

## Rúndacht

Glacfaidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach gach beart réasúnta chun déileáil le nochtuithe a dhéantar tríd an bpolasaí seo ar bhealach rúnda agus íogair. Ní nochtfaidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach céannacht an oibrí gan a dtoiliú, ach amháin má cheanglaítear é de réir dlí nó más gá chun an éagóir ábhartha a imscrúdú go héifeachtach.

## Taifid a Choinneáil

Coinneofar taifid ar ábhair imní a chuirtear in iúl, lena n-áirítear an toradh, ar feadh cúig bliana ar a laghad tar éis don Cheann Seirbhísí Corparáideacha an cás a dhúnadh. Coinneofar na taifid sin i dtimpeallacht rúnda shlán. Cuirfear tuarascáil achomair ar gach nochtadh cosanta san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Achomhairc Chánach.

## Athbhreithniú ar an bPolasaí

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag eatraimh íosta dhá bhliain nó nuair a éilíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach é.

## Aguisín A: Treoir do Bhainisteoirí agus don Ghrúpa um Nochtuithe Cosanta chun déileáil le nochtuithe

Ní mór caitheamh go dáiríre le gach nochtadh tuairiscithe faoi éagóir a mheastar a bheith déanta san ionad oibre agus ba cheart na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- An nochtadh agus na céimeanna a glacadh chun déileáil leis a thaifeadadh.
- Bunús na himní a cuireadh in iúl a shoiléiriú leis an oibrí.
- Fáil amach cén fhianaise atá ar fáil chun tacú leis na hábhair imní.
- Smaoineamh ar aon leas pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag an oibrí sa cheist lena mbaineann.
- Measúnú riosca a dhéanamh ar an tsaincheist agus gníomhú láithreach má bhíonn caillteanas nó contúirt thromchúiseach do dhaoine eile i gceist leis an éagóir líomhnaithe.
- Fiosrúcháin ábhartha a dhéanamh go pras, go híogair agus go discréideach, ag glacadh gach céime réasúnta chun céannacht thionscnóir an nochta (nochtóir) a chosaint.
- Más gá aitheantas an oibrí a nochtadh chun tuilleadh fiosruithe éifeachtacha a dhéanamh, dul i gcomhairle leis an oibrí a rinne an nochtadh (nochtóir).
- Fianaise a fháil ó aon fhinnéithe iomchuí.
- Measúnú a dhéanamh cé acu atá an tuairisc nochta bunaithe ar chreideamh réasúnta ach gan bhunús, bunaithe ar chreidiúint réasúnta agus bunús léi nó ina tuairisc bhréagach d'aon ghnó.
- Gníomh cuí a dhéanamh má tá bunús leis an nochtadh.
- Má tá an nochtadh bréagach d'aon ghnó breithniú a dhéanamh ar ghníomh cuí faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse nó i gcás conraitheoirí nó comhairleoirí, más cuí atreorú chuig a gcomhlacht rannpháirteach nó chuig údaráis ábhartha.
- Aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil don oibrí laistigh de 20 lá, lena n-áirítear aon ghníomh molta.
- An toradh a thuairisciú agus na taifid go léir a chur ar aghaidh chuig Ceann na Seirbhísí Corparáideacha.